CEACHT 10

# AN DOBHRIATHAR I

## NA DOBHRIATHRA TREO AGUS SUÍMH

### SUÍOMH SIMPLÍ AGUS AIRDE AN CHOMPÁIS

| | |
|---|---|
| **thuas** *up* | **thuaidh** *north* |
| **thíos** *down* | **thoir** *east* |
| **amuigh** out | **theas** *south* |
| **istigh** *in* | **thiar** west, *behind* |

**Gluaiseacht ón gCainteoir (ag dul**: *going)*

| | |
|---|---|
| **suas** *up* | **ó thuaidh** *north* |
| **síos** *down* | **soir** *east* |
| **amach** out | **ó dheas** *south* |
| **isteach** *in* | **siar** *west, back* |

**Gluaiseacht i dtreo an Chainteora (ag teacht**: *coming)*

| | |
|---|---|
| **aníos** *up* | **aduaidh** *from the north* |
| **anuas** *down* | **anoir** *from the* east |
| **amach** *out* | **aneas** *from the south* |
| **isteach** *in* | **aniar** *from the* west, *from behind* |

### FO-AIRDE AN CHOMPÁIS

**Suíomh Simplí**

**thoir thuaidh** *north-east*
**thiar thuaidh** *north-west*
**thoir theas** *south-east*
**thiar theas** *south-west*

**Gluaiseacht**

| **ón gCainteoir (ag dul)** | **i dtreo an Chainteora (ag teacht)** |
|---|---|
| **soir ó thuaidh** *north-east* | **anoir aduaidh** *from the* north-east |
| **siar ó thuaidh** *north-west* | **aniar aduaidh** *from* the *north-west* |
| **soir ó dheas** *south-east* | **anoir aneas** *from* the south-east |
| **siar ó dheas** *south-west* | **aniar aneas** *from the south-west* |

**AN GHAOTH**
**an ghaoth aduaidh** *the north wind (i.e. the wind coming from the north)*
**an ghaoth aniar aneas** *the south-west wind.*

**NA GAOTHA**

An ghaoth aduaidh bíonn sí crua
Is cuireann sí gruaim ar dhaoine

An ghaoth aneas bíonn sí tais
Is cuireann sí rath ar shíolta

An ghaoth anoir bíonn sí tirim
Is cuireann sí sioc istoíche

An ghaoth aniar bíonn sí fial
Is cuireann sí iasc i líonta.

**Dobhriathra eile a úsáideadh sna foclóiríní sna ceachtanna roimhe seo**

| | |
|---|---|
| Ag léiriú ama: | **anois, arís, láithreach, inniu, inné, amárach, aréir, anuraidh, fadó, arú aréir (arú amárach, srl.), ar maidin, go moch, go luath, go fóill.** |
| Ag léiriú áite: | **anseo, ansin, abhaile, sa bhaile,** agus na **dobhriathra treo agus suímh**. |
| Ag léiriú modha: | **go ciúin, go maith, go ceart, go minic, go hard, go mall, go tapa.** |

Is dobhriathra na míreanna briathartha chomh maith: ní, má, srl.

FOCLÓIRÍN

**ceist, ceisteanna** (b) *question*
**cat, cait** (f) *cat*
**uimhir, uimhreacha** (b) *number*
**cluiche, cluichí** (f) *match, game*
**leabhar, leabhair** (f) *book*
**foireann, foirne** (b) *team*
**adhmad, adhmaid** (f) *timber*
**freagra, freagraí** (f) *answer*
**slí, slite** (b) *way*
**bóthar, bóithre** (f) *road*

**ar chlé** *left* - casadh
**ar dheis** *right* - casadh
**cnoc, cnoic** (f) *hill*
**geata, geataí** (f) *gate*
**long, longa** (b) *ship*
**an staighre** (f) *the stairs*
**peann, pinn** (f) *pen*
**gaoth, gaotha** (b) *wind*
**cas** (1A) *turn*
**fill** (1b) *return*

**Nóta:**

**Cas IA:** An uimhir ar lorg briathair sna foclóiriní insíonn sí an réimniú lena mbaineann an briathar agus insíonn an litir an aicme sa réimniú sin lena mbaineann sé.

## LE FOGHLAIM:

**glac réidh é** *take it easy*
**maith go leor** *all right*
**buíochas le Dia** *Thank God*
**is maith sin** *that's good*
**fáilte romhat** *you're welcome (to one person)*
**fáilte romhaibh** *you're welcome (to more than one person)*
**bí istigh** *come in*
**bígí istigh** *come in (to more than one person)*
**fan amuigh** *keep out*
**amach leat** *out you go (to one person)*
**amach libh** *out you go (to more than one person)*
**isteach leat** *in you go (to one person)*
**isteach libh** *in you go (to more than one person)*
**síos leat** *go down (to one person)*
**síos libh** *go down (to more than one person)*
**gan leisce ar bith** *without the slightest hesitation*